Caibidil 5

12.30 pm, Dé Sathairn 19 Meán Fómhair

Bhí Réamonn idir dhá chomhairle. Bhí sé saor ón obair ach ní raibh fonn air suí sa bhaile. Bhí uair an chloig caite aige i linn snámha an óstáin gar do stáisiún na ngardaí. D'fhéadfadh sé uair nó dhó eile a chaitheamh i gclub aclaíochta an óstáin, nó san áis nua-aimseartha sa stáisiún féin. Ach fós ní bheadh curtha isteach aige ach leathlá. Bheadh cuid mhaith den deireadh seachtaine fós ag síneadh amach roimhe go folamh.

An rogha eile a bhí aige ná dul isteach sa stáisiún chun tamall oibre a dhéanamh. Ba mhinic a dhéanadh sé a leithéid, ach bhí a chomhghleacaithe tosaithe ag magadh faoi dá bharr. Tráthnóna Déardaoin, tháinig an glao faoi Tessa Scorlóg isteach ó Bhéarra fad a bhí sé ag moill-eadóireacht ag a dheasc tar éis am oibre. Ar maidin Aoine, bhí sé i mboth leithris sa stáisiún nuair a chuala sé beirt lasmuigh ag scigireacht. "Dá mbeimis go léir chomh díograiseach leis an nGarda Réamonn Seoighe," arsa duine acu, "ní bheadh an tír scriosta ag an gcoiriúlacht!" "Ná ní bheadh cistí airgid an rialtais ídithe," arsa an duine eile, "mar nár ghá focain pingin ragoibre a íoc linn in aon chor!"

D'ól Réamonn an braon deireanach as cupán caife a cheannaigh sé béal dorais ón stáisiún. Chuala sé sa siopa go raibh corraíl i measc na ngardaí. Bhí scata acu le dul go

Baile Chaisleáin mar go raibh léirsiú pleanáilte ag an gcé, chun tacú leis na mairnéalaigh ar an long Rúiseach. Tuairiscíodh ar an raidió go raibh úinéirí na loinge bancbhriste agus nach nglacfaidís freagracht feasta as a gcuid fostaithe. Bhí teannas ag méadú faoin scéal, idirbheartaíocht á héileamh agus gan de chothú ag na fir ar bord ach an bia a thug muintir na háite dóibh.

Chuir Réamonn an cupán páipéir i mbosca bruscair. Thar aon lá eile, bhí leithscéal aige bualadh isteach sa stáisiún. Seans láidir go mbeadh gardaí breise ag teastáil i mBaile Chaisleáin. Rud difriúil a bheadh ann i gcomparáid leis an ngnáthobair: na ceadúnais do thithe tábhairne, an slad ar na bóithre, na hógfhir a chuireadh troid ar a chéile go mall istoíche. Na dualgais úd a léiríodh go rímhinic dó go raibh an tír scriosta ag galar an alcóil.

Sheas sé ag féachaint amach ar bhá Bheanntraí, a dhroim aige leis an gcearnóg mhaisiúil i lár an bhaile. Ní raibh an stáisiún nuathógtha ach leathchéad méadar uaidh, ar imeall na cearnóige. Os a chomhair amach, bhí sléibhte Bhéarra ag síneadh go híor na spéire. Lá aoibhinn don té a roghnódh radharcra is spaisteoireacht tuaithe, ach b’fhearr le Réamonn suí ag a dheasc. Go deimhin, bhí cúpla glao gutháin le déanamh aige faoi ghnó úd an Ghlaisín.

Dúirt Eoin Mac Ailpín gur chuir sé tacsaí in áirithe dá athair don dó a chlog Déardaoin, chun é a thabhairt as Béarra go dtí a theach cónaithe i dTiobraid Árann. Ach mhaígh Eoin freisin gur iarr Oscar air an áirithint a chur ar ceal ag an nóiméad deireanach. Bhí Réamonn ag iarraidh labhairt le tiománaí an tacsaí, mura n-éireodh leis teacht ar Oscar féin.

Bhí cuardach idirlín déanta aige faoin bhfear gnó. De réir suirbhé a rinne nuachtán Domhnaigh, áiríodh Mac

Ailpín ag uimhir a seasca is a cúig ar liosta na ndaoine ba shaibhre in Éirinn. Bhíodh polaiteoirí agus tráchtairí á mholadh go minic as a chumas fiontraíochta. Le gnólacht innealtóireachta a thosaigh sé, ag déanamh gléasanna próiseála do mhonarchana. Bhain sé saibhreas amach ina dhiaidh sin as déantúsaíocht threalamh slándála, ar nós geataí leictreonacha do bhlocanna árasáin. Ar feadh tréimhse sna nóchaidí, bhí a chomhlacht i dtrioblóid agus líon mór postanna in Éirinn i mbaol. Ach ar ámharaí an tsaoil, tháinig Mac Ailpín agus na postanna slán agus d'fhás a ghnó ina dhiaidh sin, sa bhaile agus i dtíortha thar lear. Agus bhí cáil ar Mhac Ailpín freisin as a spéis i gcúrsaí ealaíne agus ceoil. Ba dheacair a shamhlú, dar le Réamonn, gur dhuine é a thabharfadh na cosa leis tar éis dó sonc a bhualadh ar bhean leochaileach ar thaobh cnoic.

Chas Réamonn i dtreo an stáisiúin. Ar a shlí isteach dó, chonaic sé an Cigire Ó Céileachair i mbun comhrá le ceannfort na dúiche.

"Tá deichniúr thíos ann cheana féin," arsa Trevor leis an gceannfort, "agus tuilleadh ag réiteach le himeacht. Tá baol go leanfaidh an rud seo go titim na hoíche."

Mhoilligh Réamonn a chéim agus tharraing sé aird an chigire. Tharlódh go mbeadh an t-ádh air fós.

"A Réamoinn, maith an fear," arsa Trevor leis. "Bhí duine breise á lorg agam chun freastal ar éileamh a tháinig isteach ar ball."

Sheas an cigire i leataobh ón gceannfort agus labhair sé le Réamonn go mear. "Rud fánach atá ann, ainmhí marbh ar thaobh an bhóthair, a dúradh, a d'fhéadfadh a bheith ina chontúirt do ghluaisteáin. Caithfear é a fhiosrú chun a fháil amach conas a dumpáladh é agus an mbeidh cás dlí ag teacht as. Thíos in aice le hEadarghóil atá sé. Gheobhaidh tú na sonraí thall ag an deasc."

Cuireadh moill ar Réamonn sa Ghleann Garbh. Dhá bhus ina stad i lár an tsráidbhaile chun a n-ualach turasóirí a scaipeadh ar na ceardsiopaí. Bhí Réamonn ag mallachtú faoin fhiacla agus é ag faire ina thimpeall. B'fhearr leis an iarnóin a chaitheamh ina thigín aonair ná dul sa tóir ar chaora ar bhóthar sléibhe. Dá mbeadh sé lonnaithe i mBaile Átha Cliath, ní iarrfaí air a chuid fuinnimh a chur amú lena leithéid.

Scrúdaigh sé a íomhá i scáthán an ghluaisteáin. Ní aithneodh daoine air go raibh sé dhá bhliain is tríocha d'aois. Bhí cuma an-óigeanta air – a chraiceann róbhog agus mín, mar a bheadh ar pháiste, dar leis. Ghlactaí leis de ghnáth go ndeachaigh sé sna gardaí tar éis dó an scoil nó an coláiste a fhágáil. B'annamh a labhraíodh sé ar na blianta fadálacha a chaith sé i dtionscal na ríomhaireachta. Bhí súil aige nach blianta fadálacha a bhí amach roimhe freisin, sula mbeadh deis aige cur isteach ar phost cathrach.

Thuig sé go raibh pictiúr ríshimplí aige den saol a shantaigh sé. Trí mhí, b'in uile, a bhí caite aige i mbun taithí oibre i mbruachbhaile cathrach. Na gardaí ar tinneall de shíor, cluichí folacháin ar siúl idir iad agus na mangairí drugaí. Coirpigh ghairmiúla réidh i gcónaí an cloigeann a bhaint den té a d'fhéachfadh i ndiaidh a leicinn orthu. Contúirt agus imní mar anlann ar imeachtaí an lae.

Thagadh amhras ar Réamonn ó am go chéile an raibh sé rófhaichilleach ann féin don saol úd. Ach chreid sé go méadódh a mhisneach de réir mar a thug sé aghaidh ar na contúirtí laethúla. Le linn na taithí oibre, go deimhin, fuair sé amach go raibh sé tugtha do dhruga nach raibh aon chosc dlí air: aidréanailín, druga fola a ghabh le saol faoi

dhianstró. Bíogadh, scaoll agus gliondar comrádaíochta, bheidís go léir ar fáil dó ach an deis a fháil obair san áit cheart.

Bhí comrádaíocht thréan i measc na ngardaí i mBeanntraí, thuig sé sin freisin, ach bhraith Réamonn go raibh sé ina strainséir i measc scata Muimhneach ann. B'as Corcaigh nó as Ciarraí d'fhormhór na ngardaí eile, agus ba bheag a spéis i gcríocha iasachta lasmuigh dá gcontae féin. Bhídís ag spochadh as Réamonn le linn dá chontae siúd, Gaillimh, bheith ag imirt i gcluichí móra. Ach b'annamh go mbíodh comhrá pearsanta aige leo.

Bhí buntáistí áirithe ag baint le Beanntraí, mar sin féin. Mar cheanncheathrú dúiche, bhí breis is tríocha garda sa stáisiún agus bhí réimse maith coireanna faoina gcúram. Thar aon rud eile, bhí an stáisiún lonnaithe ar chósta an iardheiscirt, ar an líne tosaigh sa chogadh a bhí á fhearadh ag fórsaí an stáit ar lucht díolta drugaí. Báid thar toinn ag tabhairt pacáistí nimhe i dtír i gcuanta iargúlta agus an treallchogaíocht á stiúradh ó Mheiriceá Theas, ón Spáinn, ó Amstardam. Taithí mhaith le fáil aige, dar le Réamonn, a sheasfadh leis feasta nuair a bheadh sé ag traenáil mar bhleachtaire.

Ba cheart dó an chuid ab fhearr a dhéanamh dá shaol i mBeanntraí, mar sin féin. Ba bheag a spéis sna maidí gailf a bhí i gcúl a ghluaisteáin. Ach chonaic sé comhartha bóthair chuig ionad seoltóireachta agus é ag druidim le hEadarghóil. B'fhiú dó bualadh síos ann níos déanaí san iarnóin. B'fhearr dó caitheamh aimsire nua a thriail seachas a bheith ag feitheamh go faiteach le gach lá saor.

Stad sé cois cuain chun téacs nua ar a ghuthán a léamh. Ón Sáirsint Mac Muiris a tháinig sé, á chur ar an eolas faoi eachtra a tharla ag na Bánchnoic an oíche roimhe sin,

eachtra a bhain le Donncha Scorlóg. Rinne Réamonn miongháire beag leis féin agus an guthán á dhúnadh aige. Bhí a leithscéal faighte aige dul go Baile Chaisleáin. Tar éis píosa comhrá le Mac Muiris, bheadh faill aige súil a chaitheamh ar an léirsiú cois loinge.

Threoraigh a ghléas *GPS* dó casadh ar dheis as Eadarghóil suas go dtí Bealach Scairt, mám sléibhe cáiliúil. Bóthar uaigneach a bhí ann, gan teach ná áitreabh le feiceáil míle nó dhó intíre. Bhí sléibhte creagacha ag bagairt ó gach aird agus scamaill ag cruinniú ar na beanna. Áit sceirdiúil, fholamh a chonaic sé thart air, mar a nochtfaí le linn tromluí. Bhraith sé go tobann go raibh sé beag bídeach ina ghluaisteán, ar nós ciaróige ag greadadh go haonarach trasna pluaise.

D'fhéadfaí scannán uafáis a dhéanamh san áit, ar sé leis féin, scannán ina mbeadh arrachtaigh ag réabadh na timpeallachta. Carraigeacha nochta liathchorcra á scaipeadh acu as bolg na cruinne, á scaipeadh gan eagar ar fud an ghleanna.

"Bí ar d'airdeall! Bhí eagla orainne dul síos."

Bhí dhá nó trí ghluaisteán páirceáilte gar do sheandroichead cloiche i lár an ghleanna agus cúpla duine ag faire síos ar an sruthán. Thuas in airde, bhí an bóthar le feiceáil ag lúbadh siar is aniar i dtreo an mhháma.

Ní ar thaobh an bhóthair a bhí an t-ainmhí, a thuig Réamonn nuair a dhruid sé leis na daoine eile. Thíos ar an bhféar garbh ar bhruach an tsrutháin a bhí sé, agus é fillte i mála plaisteach dubh. Ní raibh an scéal mínithe i gceart

ag an té a ghlaoigh ar an stáisiún – turasóir ón iasacht de réir mar a dúirt an garda ag an deasc.

Bhí scata faoileán ag grágaíl is ag guairneán san aer os cionn an droichid. Bhí dhá nó trí éan mhóra ag streachailt leis an mála. Bhí a ngob ag tarraingt ar an bplaisteach agus a sciatháin á mbualadh acu chun a gcreach a chosaint dóibh féin.

"Caithfear glaoch ar na gardaí," arsa duine den lucht féachana. "Ní chreidim gur caora ná gadhar atá thíos."

Thuig Réamonn de gheit cad a bhí á rá aige. Bhí an mála á stróiceadh ina ribíní agus an t-uafás laistigh á nochtadh.

Chuir sé in iúl don triúr eile gur gharda é. Rith sé go dtí a ghluaisteán agus tharraing sé amach na maidí gailf. Shín sé chuig a chompánaigh iad agus léim sé síos le fána géar chuig an mbruach. Bhagair sé ar na héin le maide agus thug sé comhartha do na daoine eile aithris a dhéanamh air.

Ní raibh eolas dá laghad aige ar éanlaith, ná tuairim aige an ionsóidís é. Ach bhí sé práinneach iad a ruaigeadh. Ansin ghlaofadh sé ar an stáisiún, dá mbeadh ceangal gutháin le fáil ón droichead sléibhe.

Chúlaigh na héin chreiche de réir a chéile. Scríob éan amháin gualainn Réamoinn ach níor thug sé aird ar an bpian. An rud ba mheasa ná aghaidh a thabhairt ar an mála. Thiocfadh fonn múisce air a luaithe a leagfadh sé súil air agus b'fhearr leis nach bhfeicfeadh daoine eile ag aiseag é.

Cos spréite a chonaic sé ar dtús, nuair a d'fhéach sé ar an meall ar an talamh. Bhí bróg ag titim den chos, a raibh giobal de stoca greamaithe léi. Treabhsar stróicthe a bhí os a chionn sin, agus matáin na coise ina ribíní ag ionsaí na n-éan. Leathuair an chloig eile agus bheadh scrios déanta ar an gcorpán ar fad.

Luigh súile Réamoinn ar an radharc ab uafaire ar fad ar deireadh. Lámh fhuilteach a bhí casta in airde chun na spéire, mar a bheifí ag impí trócaire don té a bhí marbh.